CINNEADH Uimh. 59/2022 Ó CHOMHCHOISTE LEE

an 18 Márta 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1127]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1341 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na próisis shonracha tástála agus ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena gcórais rabhaidh codlatachta agus aire tiománaí agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar Caibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 52 (Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   "- **32021 R 1341**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1341 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2021 (IO L 292, 16.8.2021, lch. 4)."

2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 52c (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2021/1243 ón gCoimisiún):

   "52d. **32021 R 1341**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1341 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na próisis shonracha tástála agus ceanglais shonracha theicniúla i ndáil le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena gcórais rabhaidh codlatachta agus aire tiománaí agus lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin (IO L 292, 16.8.2021, lch. 4)."

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1341 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 19 Márta 2022 ar choinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a dhéanamh ina leith *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 55/2022 ó Chomhchoiste LEE an 18 Márta 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 292, 16.8.2021, lch. 4.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

([2]) Féach leathanach 27 den Iris Oifigiúil seo.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Márta 2022.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN